



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2018
(OR. en)

9567/18

**Comhad Idirinstiúideach:
2018/0187 (COD)**

**FISC 236
ECOFIN 543
CODEC 911**

TOGRA

| | |
|------------------------------|--|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 341 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ríomhairiú gluaiseachta agus faireacháin earraí máil (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 341 final.

Faoi iamh: COM(2018) 341 final



An Bhruiséil, 25.5.2018
COM(2018) 341 final

2018/0187 (COD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir le ríomhairiú gluaiseachta agus faireacháin earraí máil (athmhúnlú)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá an togra seo ag gabháil leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos an socrú ginearálta maidir le dleacht mháil i ndáil le huathoibriú an nós imeachta le haghaidh gluaiseachtaí earraí máil arna scaoileadh lena dtomhailte i gcríoch Ballstáit amháin agus atáthar a bhogadh chuig críoch Ballstáit eile lena seachadadh chun críocha tráchtála sa Bhallstát eile sin.

Is é Cinneadh Uimh. 1152/2003/CE an cinneadh bunaitheach i gcás an chórais ríomhairithe (an Córas um Rialú agus um Ghluaiseacht Máil – EMCS). Faoi láthair, ní chumhdaíonn sé ach gluaiseachtaí earraí máil a bhfuil an dleacht mháil ina leith ar fionraí. Ionas gur féidir uathoibriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta le haghaidh gluaiseacht earraí máil a scaoileadh lena dtomhailt i gcríoch Ballstáit amháin agus a bogadh chuig críoch Ballstáit eile lena seachadadh chun críocha tráchtála sa Bhallstát eile sin, ní mór an Cinneadh a mhodhnú. Mar sin féin, ós rud é go ndéanfadh modhnuithe den sórt sin difear d'fhormhór na bhforálacha sa Chinneadh, ba cheart an Cinneadh a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra nasctha le hathmhúnlú Threoir 2008/118/CE ón gComhairle.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Neamhbhainteach.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Foráiltear san Airteagal sin go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, na bearta maidir le comhfhogasú na bhforálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin sna Ballstáit atá ceaptha an margadh inmheánach a bhunú agus a oibriú.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta sa mhéid is nach bhfuil an togra faoi réir inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach go leordhóthanach, agus is fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra le haghaidh athmhúnlú thar a bhfuil riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna atá i dtreis agus, ar an dóigh sin, chun an cuspóirí atá ag an Aontas a bhaint amach mar atá feidhmiú cuí éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh.

Cloíonn an togra seo le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach i mír 4 d'Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Is é cuspóir an togra an Córas um Rialú agus um Ghluaiseacht Máil a leathnú chuig gluaiseachtaí laistigh den Aontas d'earraí máil a scaoiltear lena dtomhailt, d'fhonn an nós imeacht a shimpliú agus ionas go mbeifear in ann faireachán cuí ar dhéanamh ar na gluaiseachtaí sin, agus d'fhonn bunús a chur ar fáil le haghaidh an rialachais ar tuilleadh uathoibríthe ar phrósís a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir le mál, má mheastar go mbeadh tairbhe ag baint leis an uathoibríú sin. Gan an togra seo, ní bheifear in ann pleanáil chomhordaithe a dhéanamh ar uathoibríú gluaiseachtaí laistigh den Aontas d'earraí máil a scaoiltear lena dtomhailt.

- **An rogha ionstraime**

Tá an rogha ionstraime i gcomhréir go huile is go hiomlán leis an ngníomh dlíthiúil atá i bhfeidhm i láthair na huaire. Ós athmhúnlú ar Chinneadh Uimh. 1152/2003/CE atá sa togra, ní mór Cinneadh a bheith ann.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinneadh meastóireacht ar Threoir 2008/118/CE agus is ar an meastóireacht sin agus ar an tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa "maidir le cur chun feidhme agus meastóireacht Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 i ndáil leis na socruithe ginearálta le haghaidh dleacht mháil" dar dáta 21/04/2017 (COM(2017) 184 final) a bhunaítear an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos na socruithe ginearálta le haghaidh dleacht mháil. Leagadh béim sa tuarascáil ar an ngá le tuilleadh uathoibríthe agus ní bhaineann an togra seo ach le hoiriúnú ar léiriú ar an mbeartas sin é.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinneadh comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Threoir 2008/118/CE ón gComhairle.

- **Measúnú tionchair**

Níor ghá aon mheasúnú tionchair ar leith óir tá an measúnú tionchair don athmhúnlú ar Threoir 2008/118/CE mar bhonn agus mar thaca ag an rogha bheartais arb í an t-uathoibríú a chur i bhfeidhm a thuilleadh í.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is faoi chuimsiú chlár REFIT an Choimisiúin Eorpaigh a rinneadh an mheastóireacht ar Threoir 2008/118/CE. In Aibreán 2017, chuir an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle agus Parlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme agus meastóireacht Threoir 2008/118/CE ón gComhairle.

- **Ceartha bunúsacha**

Neamhbhainteach.

4. **IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Is le buiséad FISCALIS a chumhdófar cistiú an tionscadail lárnaigh, mar chuid de na leithreasuithe dá bhforáiltear cheana féin sa chlársceidealú airgeadais oifigiúil. Ní bheidh aon acmhainní breise ó bhuiséad an Aontais de dhíth. Thairis sin, níl sé beartaithe leis an tionscnamh seo dochar a dhéanamh don togra ón gCoimisiún maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ibhliantúil eile.

An meastachán ar na costais ar údaráis agus ar oibreoírí eacnamaíocha, tá sé ar áireamh sa mheasúnú tionchair a ullmhaíodh don athmhúnlú ar Threoir 2008/118/CE.

5. **EILIMINTÍ EILE**

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Ní mheastar gur gá aon doiciméad míniúcháin maidir le trasúí fhorálacha an togra seo.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é Cinneadh Uimh. 1152/2003/CE an cinneadh bunaitheach i gcás an chórais ríomhairithe (an Córas um Rialú agus um Ghluaiseacht Máil – EMCS). Faoi láthair, ní chumhdaíonn sé ach gluaiseachtaí earraí máil a bhfuil an dleacht mháil ina leith ar fionraí. Ionas gur féidir uathobriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta le haghaidh gluaiseacht earraí máil a scaoileadh lena dtomhailt i gcríoch Ballstáit amháin agus a bogadh chuig críoch Ballstáit eile lena seachadadh chun críocha tráchtála sa Bhallstát eile sin, ní mór an Cinneadh a mhodhnú.

Baineann na modhnuithe le formhór na bhfóralacha sa Chinneadh ionas go mbeidh foclaíocht an Chinnidh níos ginearálta sa dóigh go mbeidh an fhéidearthacht ann uathobriú a dhéanamh aon nós imeachta a bhaineann le gluaiseacht agus faireachán earraí máil. Ní mór cuid den téacs a scrios ar an ábhar go bhfuil tagairtí ann do reachtaíocht atá as dáta feasta nó ar an ábhar nach bhfuil ciall leis a thuilleadh (ós rud é go bhfuil an córas ríomhairithe le haghaidh an nós imeachta um fionraíocht dleachtanna i bhfeidhm ó bhí 2010 ann). Dá bhrí sin, tá Airteagal 1 go hAirteagal 14 modhnaithe mar a bheartaítear san athmhúnlú ar an gCinneadh.

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le ríomhairiú gluaiseachta agus faireacháin earraí máil (athmhúnlú)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ~~ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh~~ ~~☒~~ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ~~☒~~, agus go háirithe Airteagal ~~95~~ ~~☒~~ 114 (1) ~~☒~~ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

↓ nua

- (1) Táthar chun roinnt leasuithe a dhéanamh ar Chinneadh Uimh. 1152/2003/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Cinneadh sin a athmhúnlú.

↓ 1152/2003/CE aithris 1
(oiriúnaithe)

- (2) ~~Le [Treoir 92/12/CEE an 25 Feabhra 1992 maidir leis na socruithe ginearálta do táirgí atá faoi réir dleachta máil agus maidir le táirgí den sórt sin a shealbhú agus a bhogadh agus faireachán a dhéanamh orthu² XXX/CE ón gComhairle³] foráiltear go gcaithfidh doiciméad arna líonadh ag an gcoinsineoir a bheith ag gabháil le táirgí ☒ earraí ☒ atá á mbogadh idir críocha na mBallstát faoi shocruithe fionraí dleachtanna máil.~~

¹ Cinneadh Uimh. 1152/2003/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 2003 maidir le ríomhairiú gluaiseachta agus faireacháin táirgí inmháil (IO L 162, 1.7.2003, lch. 5).

² ~~(IO L 76, 23.3.1992, lch. 1)~~

³ ~~Treoir xxx/CE ón gComhairle an (IO L, , lch.).~~

↓ 1152/2003/CE aithris 2
(oiriúnaithe)

- (3) I Rialachán ~~(CEE) Uimh. 2719/92 an 11 Meán Fómhair 1992 maidir leis an doiciméad tionlacain le haghaidh gluaiseacht earraí faoi shoeruithe fionraí dleachtanna i geás earraí atá faoi réir dleacht mháil⁴~~ (CE) Uimh. 684/2009 ón gCoimisiún⁵ leagtar síos ~~form~~ ☒ struchtúr ☒ agus inneachar an doiciméid tionlacain ~~da bhforáiltear~~ ☒ dá dtagraítear ☒ i [dTreoir XXX/CE 92/12/CEE] ☒ agus an nós imeachta lena úsáid ☒.

↓ nua

- (4) Chun seiceálacha a fheabhsú agus chun simpliú a dhéanamh ar ghluaiseacht earraí máil laistigh den Aontas, bunaíodh córas ríomhairithe le Cinneadh Uimh. 1152/2003/CE.

↓ 1152/2003/CE aithris 3
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (5) Is gá ☒ tuilleadh cothabhála agus forbartha a dhéanamh ar an gcóras sin ☒ ~~éoras ríomhairithe~~ lena ndéantar faireachán ar ghluaiseacht earraí ~~innháil~~ ☒ máil ☒, ~~de shórt a fhágfaidh go mbeidh~~ ☒ le go mbeidh ☒ na Ballstáit in ann faisnéis fíor-ama a fháil faoi na gluaiseachtaí sin agus na seiceálacha riachtanacha a dhéanamh ☒ de láimh agus go huathoibríoch ☒, lena n-áirítear seiceálacha le linn ~~gluaiseacht~~ ☒ gluaiseachtaí ☒ ☒ earraí máil ☒ ~~táirgí innháil~~, réir bhrí Chaibidil III, Chaibidil IV agus Chaibidil V ~~Airteagal 15~~ de [Threoir 92/12/CEE XXX/CE] ⇒ agus Chaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle⁶ ⇐ .

↓ 1152/2003/CE aithris 4
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (6) De thoradh ~~bunú córais~~ ☒ mhodhnú, leathnú agus oibriú an chórais ☒ ~~ríomhaireachta~~ ☒ ríomhairithe ☒ ba cheart go gceadófar ~~freisin~~ gluaiseacht earraí máil laistigh ~~den Chomhphobal~~ ☒ den Aontas ☒ a bhfuil na dleachtanna ina leith ar fionraí ⇒ chomh maith le gluaiseacht earraí máil a scaoileadh cheana féin lena

⁴ ~~IO L 276, 19.9.1992, lch. 1. Rialachán arna leasú le Rialachán (CEE) Uimh. 2225/93 (IO L 198, 7.8.1993, lch. 5).~~

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 684/2009 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2009 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2008/118/CE ón gComhairle i ndáil leis na nósanna imeachta ríomhairithe maidir le gluaiseacht earraí máil a bhfuil an dleacht mháil ina leith ar fionraí (IO L 197, 29.7.2009, lch. 24).

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2073/2004 (IO L 121, 8.5.2012, lch. 1).

dtomhailt ar chríoch Ballstáit amháin agus a bhogtar go críoch Ballstáit eile chun iad a sheachadadh chun críocha tráchtála ⇐ .

↓ 1152/2003/CE aithris 12
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (7) Tríd an gcóras ríomhairithe a mhodhnú agus a leathnú a bhunú cuirtear feabhas ar ghnéithe an mhargaidh inmheánaigh de ghluaiseacht earraí ~~inmháil~~ máil . Aon ghnéithe fíoscacha a bhaineann le gluaiseacht earraí máil, ba cheart aghaidh a thabhairt orthu trí leasú a dhéanamh ar [Threoir ~~92/12/CEE~~ XXX/CE] ⇒ nó ar Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ⇐ . Tá an Cinneadh seo gan dochar do bhunús dlí aon leasuithe a dhéanfar amach anseo ar [Threoir ~~92/12/CEE~~ XXX/CE] ⇒ nó ar Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ⇐ .

↓ 1152/2003/CE aithris 9
(oiriúnaithe)

- (8) Is gá sainiú a dhéanamh ar a ~~An~~ dealú idir comhphárteanna den chóras ríomhairithe ar de chuid an ~~Chomhphobail~~ Aontais iad agus comhphárteanna nach de chuid an ~~Chomhphobail~~ Aontais iad ~~ba cheart é a shainiú,~~ chomh maithe leis ~~mar ba cheart a dhéanamh maidir leis~~ na dualgais atá ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit faoi seach maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm an chórais. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Choimisiún, le cúnadh an Choiste ábhartha, ról mór a imirt maidir le comhordú, eagrú agus bainistiú an chórais.

↓ 1152/2003/CE aithris 5

~~A computerised system for the intra-Community movement and monitoring of excisable goods (EMCS) should be compatible and, if technically possible, merged with the new computerised transit system (NCTS), so as to facilitate administrative and commercial procedures.~~

↓ 1152/2003/CE aithris 6

~~For the purposes of implementing this Decision, the Commission should coordinate Member States' activities, so as to ensure the smooth operation of the internal market.~~

↓ nua

- (9) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh cur chun feidhme na mbeart is gá le haghaidh mhodhnú, leathnú agus oibriú an chórais ríomhairithe, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin

a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷.

↓ 1152/2003/CE aithris 10
(oiriúnaithe)

- (10) Ba cheart socrúithe a dhéanamh maidir le meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an chórais ríomhairithe lena ndéantar faireachán ar earraí ~~imhail~~ máil .

↓ 1152/2003/CE aithris 13
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (11) Sula mbeidh ~~EMCS~~ leathnú nua ar an gcóras ríomhairithe oibríochtúil, agus i bhfianaise na bhfadhbanna a bhí ann, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus ag cur san áireamh bharúlacha na n-earnálacha trádála lena mbaineann, ⇒ a fhiosrú an bhfuil aon cheann de feachaint ar bhealaí chun feabhas a chur ar an ~~geóras~~ na córais ar páipéar atá ann faoi láthair ⇒ fós oiriúnach .

↓ 1152/2003/CE aithris 11
(oiriúnaithe)

- (12) Ba cheart ~~eistú~~ costais an chórais ríomhairithe a roinnt ar an ~~gComhphobal~~ Aontais agus ar na Ballstáit, ~~agus seiar an Chomhphobail a iontráil amhlaidh go sonrach i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.~~

↓ 1152/2003/CE aithris 7 agus
aithris 8 (oiriúnaithe)

- (13) ~~Toise~~ De thoradh mhéid agus chastacht ~~córais ríomhairithe dá shórt~~ an chórais ríomhairithe , is gá an ~~Comhphobal~~ tAontas agus na Ballstáit ~~beidh de dhíth orthu~~ acmhainní daonna agus airgeadais a sholáthar ~~chun na críche sin. Dá réir sin, ba cheart foráil a dhéanamh go ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na haemhainní is gá a chur ar fáil~~ chun an córas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Agus na comhpháirteanna náisiúnta á bhforbairt ag na Ballstáit, ba cheart dóibh na prionsabail a chur i bhfeidhm atá leagtha síos maidir le córais rialtais leictreonacha agus ba cheart dóibh caitheamh leis na hoibreoirí eacnamaíocha ar an dóigh chéanna a gcaitear leo sna réimsí eile ina bhfuil córais ríomhaireachta curtha ar bun. Go háirithe, ba cheart dóibh ligean do na hoibreoirí eacnamaíocha, go speisialta na fiontair bheaga agus mheánmhéide atá gníomhach san earnáil seo, na comhpháirteanna náisiúnta sin a úsáid ar an gcostas is ísle is féidir, agus ba cheart

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

dóibh gach beart a chur chun cinn atá dírithe ar iomaíochas na n-oibreoirí sin a chaomhnú.

↓ nua

(14) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Chinnidh seo, mar atá bunús a sholáthar le haghaidh an rialachais ar tuilleadh uathoibríthe ar phróisis arna sainiú i reachtaíocht an Aontais maidir le dleachtanna máil, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr go n-áiríteoidh sé dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Cinneadh seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

↓ 1152/2003/CE aithris 14

~~This Decision lays down, for the entire period needed for the development and the deployment of the system, a financial framework constituting the prime reference within the meaning of Point 33 of the Interinstitutional Agreement of 6 May 1999 between the European Parliament, the Council and the Commission on budgetary discipline and improvement of the budgetary procedure, for the budgetary authority during the annual budgetary procedure.~~

↓ 1152/2003/CE aithris 15

~~The measures necessary for the implementation of this Decision should be adopted in accordance with Council Decision 1999/468/EC of 28 June 1999 laying down the procedures for the exercise of implementing powers conferred on the Commission~~

↓ 1152/2003/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Foráiltear sa Chinneadh seo maidir leis an mbainistiú ar mhodhnú, ar leathnú agus ar oibriú an chórais éorais ríomhairithe a úsáidtear le haghaidh faireachán a dhéanamh ar ghluaiseacht ~~táirgí innháil~~ earraí máil , agus ar an bhfaireachas ar na hearraí sin, ~~den sórt~~ dá dtagraítear in Airteagal ~~3(1)~~ 1(1) de Threoir ~~XXX/CE92/42/CEE~~ dá nglaoitear anseo feasta ~~(=an córas ríomhairithe)~~, déantar é a bhunú leis seo.

2. Is é atá beartaithe leis an gcóras ríomhairithe:

(a) go mbeifear in ann ~~an doiciméid~~ na doiciméid ~~tionlacain~~ riaracháin a tharchur dá bhforáiltear i dTreoir XXX/EC agus i Rialachán ~~(CEE) Uimh. 2719/92~~ (AE) Uimh. 389/2012, agus feabhas a chur ar sheiceálacha;

- (b) go gcuirfeadh feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, trí shimpliú a dhéanamh ar ghluaiseacht ~~táirgí atá faoi shocrúithe fionraí dleachtanna~~ earraí máil laistigh den Chomhphobal Aontas, agus tríd an deis a thabhairt do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar na sreafaí i bhfíor-am agus na seiceálacha riachtanacha a dhéanamh nuair is gá.

Airteagal 2

~~Member States and the Commission shall establish the computerised system within six years of the entry into force of this Decision.~~

Cuirfeadh tús leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le ~~eur i bhfeidhm~~ leathnú an chórais ríomhairithe tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Airteagal 3

1. Beidh an córas ríomhairithe comhdhéanta de chomhpháirteanna de chuid an ~~Chomhphobail~~ Aontais agus comhpháirteach nach de chuid an ~~Chomhphobail~~ Aontais iad.

2. Áiríteoidh an Coimisiún go dtabharfar, le linn na hoibre ar na comhpháirteanna de chuid an ~~Chomhphobail~~ Aontais den chóras ríomhairithe, gach aird ar athúsáid a bhaint an oiread is féidir as ~~athúsáid NCTS~~ na córais atá ann cheana ~~an oiread is féidir~~ agus ar a áirithiú go bhfuil an córas ríomhairithe comhoiriúnach le córais ríomhairithe ábhartha eile de chuid an Choimisiúin agus na mBallstát , agus, más féidir go teicniúil é, comhtháite le NCTS sa dóigh go ~~geruthófar~~ sraith comhtháite de chórais ríomhairithe le haghaidh faireachas ar ghluaiseachtaí earraí ~~inmháil~~ máil laistigh den ~~Chomhphobal~~ Aontas agus ar ghluaiseachtaí earraí inmháil agus earraí atá faoi réir dleachtanna agus muirir eile atá ag teacht ó thríú tíortha nó ag dul chucu.

3. Is éard a bheidh sna comhpháirteanna de chuid an ~~Chomhphobail~~ Aontais den chóras na sonraíochtaí coiteanna, na táirgí teicniúla, seirbhísí an líonra cumarsáide coiteann/comhéadan coiteann córas, agus na seirbhísí comhordúcháin a úsáideann na Ballstáit uile, diomaite d'aon leagan difriúil de na seirbhísí sin nó d'aon ghné speisialta dá gcuid atá ceaptha chun riachtanais náisiúnta a shásamh.

4. Is éard a bheidh sna comhpháirteanna nach comhpháirteanna de chuid an ~~Chomhphobail~~ Aontais iad na sonraíochtaí náisiúnta, na bunachair sonraí náisiúnta ar cuid den chóras iad, na hidirnáisc líonra idir na comhpháirteanna de chuid an Aontais ~~Chomhphobail~~ agus na comhpháirteanna nach de chuid an ~~Chomhphobail~~ Aontais iad agus aon bhogearraí nó trealamh a mheasfaidh an Ballstát a bheith riachtanach chun lán-úsáid an chórais ina státseirbhís trí chéile a áirithiú.

Airteagal 4

1. Déanfaidh an Coimisiún ~~ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta dá dá bhforáiltear in Airteagal 7(2),~~ comhordú ar ~~bhunú agus réachtáil~~ mhodhnú, leathnú agus oibriú na gcomhpháirteanna de chuid an ~~Chomhphobail~~ Aontais agus na comhpháirteach nach de chuid an ~~Chomhphobail~~ Aontais iad den chóras ríomhairithe, agus go háirithe:

- (a) an bonneagar agus na huirlisí is gá chun naisc inmheánacha agus idir-inoibritheacht fhoriomlán an chórais a ráthú;

- (b) forbairt beartais slándála den chaighdeán is airde is féidir chun cosc a chur le rochtain neamhúdaraithe ar shonraí agus chun sláine an chórais a ráthú;
- (c) na huirlisí lena saothraítear sonraí chun calaois a throid.

2. Chun na haidhmeanna ~~atá~~ a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach, déanfaidh an Coimisiún na conarthaí is gá a thabhairt i gcrích chun na comhpháirteanna de chuid an Aontais ~~Chomhphobail~~ den chóras ríomhairithe ~~bhunú~~ a mhodhnú agus a leathnú agus déanfaidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit arna dtionól sa Choiste dá dtagraítear in Airteagal 7(1), máistirphlean agus pleananna bainistíochta a tharraingt suas is gá le haghaidh mhodhnú, leathnú ~~bhunú~~ agus ~~reachtáil~~ oibriú an chórais.

Sonrófar sa mháistirphlean agus sna pleananna bainistíochta na cúraimí tosaigh agus na gnáthchúraimí a dhéanfaidh an Coimisiún agus gach Ballstát. Sonrófar sna pleananna bainistíochta na dátaí críochnaithe do na cúraimí is gá chun gach tionscadal a shainaithnítear sa mháistirphlean a chur i gcrích.

Airteagal 5

1. ~~Áiríteoidh na Ballstáit go críochnóidh siad~~ Críochnóidh na Ballstáit , faoin dáta a shonraítear sna pleananna bainistíochta ~~arna lua~~ dá dtagraítear in Airteagal 4(2), na cúraimí tosaigh agus na gnáthchúraimí arna sannadh dóibh.

Tuairisceoidh siad don Choimisiún maidir le torthaí gach cúraim agus dáta a chríochnaithe. Ansin déanfaidh an Coimisiún an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 7(1) a chur ar an eolas faoi sin.

2. Ní dhéanfaidh ~~aon~~ ~~Ballstát~~ na Ballstáit aon bheart i ndáil le ~~bunú nó reachtáil~~ modhnú, leathnú agus oibriú an chórais ríomhairithe a chuirfeadh isteach ar naisc inmheánacha an chórais agus ar a idir-inoibritheacht fhoriomlán nó ar a fheidhmiú ina iomláine.

Aon bhearta ~~ba mhian~~ is mian le Ballstát a dhéanamh agus a d'fhéadfadh cur isteach ar naisc inmheánacha an chórais agus ar a idir-inoibritheacht fhoriomlán nó ar a fheidhmiú ina iomláine, déanfar iad le réamh-chomhaontú an Choimisiúin, agus leis sin amháin, ~~ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 7(2).~~

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas go rialta maidir le haon bheart atá déanta acu chun é a chur ar a gcumas dá n-údarais féin lán-úsáid a bhaint as an gcóras ríomhairithe. Ansin déanfaidh an Coimisiún an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 7(1) a chur ar an eolas faoi sin.

Airteagal 6

⇒ Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar ⇐ ~~na~~ bearta is gá le haghaidh ~~chur chun feidhme an Chinnidh seo i ndáil le bunú agus reachtáil~~ mhodhnú, leathnú agus oibriú an chórais ríomhairithe i ndáil le hábhair agus ~~ábhair~~ dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus sa dara fómhír d'Airteagal 5(2), ~~an dara fómhír~~ ⇒ Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin ⇐ a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta ⇒ scrúdúcháin ⇐ ~~dá bhforáiltear~~ dá dtagraítear in Airteagal 7(2). Ní dhéanfaidh na bearta cur chun feidhme sin difear d'fhorálacha an ~~Chomhphobail~~ Aontais i ndáil le bailiú agus seiceáil cánacha indíreacha nó i ndáil le comhar riaracháin agus cúnamh frithpháirteach i gcúrsaí cánachais indíreacha.

Airteagal 7

1. Déanfaidh an Coiste um Dhleacht mháil máil a bunaíodh le hAirteagal 24 de Threoir 92/12/CEE cúnaimh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag ~~Airteagail 4 agus 7 de Chinneadh 1999/468/CE~~ ⇒ Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ~~↔ , ag feachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.~~

~~The period laid down in Article 4(3) of Decision 1999/468/EC shall be set at three months.~~

~~3. The Committee shall adopt its rules of procedure.~~

Airteagal 8

1. Déanfaidh an Coimisiún ~~an bearta eile a mbeidh gá leo chun~~ a fhíorú go bhfuil na bearta arna maoiniú as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh á gcur i gcrích i gceart agus i gcomhréir le forálacha Chinnidh seo.

Déanfaidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit arna dtionól sa Choiste dá dtagraítear in Airteagal 7(1), faireachán tráthrialta ar chéimeanna éagsúla forbartha agus cur i bhfeidhm an chórais ríomhairithe d'fhonn a dhéanamh amach ar gnóthaíodh na cuspóirí atáthar a shaothrú, agus d'fhonn treoirínte a eisiúint maidir le cén chaoi le méadú a dhéanamh ar éifeachtacht na gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme an chórais ríomhairithe.

~~2. 30 months after the entry into force of this Decision, the Commission shall submit to the Committee referred to in Article 7(1) an interim report on the monitoring operations. If appropriate, this report shall set out methods and criteria to be used in the later evaluation of how the excise computerised systems is functioning.~~

~~23.~~ ⇒ Cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm Chinnidh seo agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, ~~↔ Ag deireadh na tréimhse sé bliana dá dtagraítear sa chéad fhómhír d'Airteagal 2,~~ tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ~~tuarascáil~~ maidir le cur chun feidhme agus oibriú an chórais ríomhairithe.

Leagfar amach sa tuarascáil, *inter alia*, na modhanna agus na critéir atá le húsáid sa mheastóireacht amach anseo ar an gcaoi a bhfuil an córas ag feidhmiú.

Airteagal 9

Coinneoidh an Coimisiún na tíortha a bhfuil iarratas déanta acu ar bhallraíocht san Aontas maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm an chórais ríomhairithe agus féadfaidh siad, más mian leo, páirt a ghlacadh sna scrúduithe atá le déanamh.

Airteagal 10

1. Déanfar na costais a bhaineann leis an gcóras ríomhairithe a mhodhnú agus a leathnú a bhunú a roinnt idir an ~~Comhphobal~~ tAontas agus na Ballstáit i gcomhréir le mír 2 agus mír 3.

2. Is é an ~~Comhphobal~~ tAontas a sheasfaidh costais cheapadh éadail, shuiteáil agus chothabháil na gcomhpáirteanna de chuid an ~~Chomhphobail~~ Aontais den chóras ríomhairithe agus costais leanúnacha oibriúcháin na gcomhpáirteanna sin de chuid an ~~Chomhphobail~~ Aontais atá suiteáilte in áitreabh de chuid an Choimisiúin, nó in áitreabh fochonraitheora arna ainmniú ag an gCoimisiún.


3. Is iad na Ballstáit a sheasfaidh costais bhunú agus réachtáil mhodhnú, leathnú agus oibriú na gcomhphárteanna den chóras nach de chuid an Chomhphobail Aontais iad agus costais leanúnacha oibriúcháin na gcomhphárteanna sin de chuid an Chomhphobail Aontais atá suiteáilte in áitreabh dá gcuid, nó in áitreabh fochonraitheora arna ainmniú ag an mBallstát lena mbaineann.

Airteagal 11

~~1. The financial framework for financing the computerised system for the period defined in the first subparagraph of Article 2 is hereby set at EUR 35 000 000 insofar as the general budget of the European Union is concerned.~~

1. Na leithreasuithe bliantúla, lena n-áirítear leithreasuithe arna sannadh d'úsáid agus d'oibriú an chórais tar éis na tréimhse cur chun feidhme ~~thuasluaite~~, údaróidh an t-údarás buiséadach iad laistigh de theorainneacha na peirspictíochta airgeadais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸ .

2. Na buiséid agus na hacmhainní daonna is gá chun a n-oibleagáidí de réir Airteagal 5 a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a mheas agus a chur ar fáil. Soláthróidh an Coimisiún agus na Ballstáit na hacmhainní daonna, buiséadacha agus teicniúla is gá chun an córas ríomhairithe a bhunú agus a réachtáil a mhodhnú, a leathnú, a oibriú agus a fhorbairt a thuilleadh .



Airteagal 12

Aisghairtear Cinneadh Uimh. 1152/2003/CE.

Déanfar tagairtí don Chinneadh aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Chinneadh seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá san Iarscríbhinn.



Airteagal 13

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear clár gníomhaíochta chun feabhas a chur ar oibriú na gcóras cánachais san Aontas Eorpach don tréimhse 2014–2020 (Fiscalis 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1482/2007/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch 25).

Airteagal 14

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*